2025/2591

19.12.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2591 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Nollaig 2025

lena ndeonaítear maolú do Bhallstáit áirithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun úsáid a bhaint as modhanna malartaithe agus stórála faisnéise eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha in ionad chomhpháirt 2, céim 6, den Chóras Ríomhairithe Idirthurais Nua

(Is iad na téacsanna Bulgáirise, Cróitise, Laitvise, Polainnise, Rómáinise agus Slóvaicise amháin atá barántúil)

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025)8776)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(4) i gcomhar le hAirteagal 8(2) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um an gCód Custaim,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoi Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, is trí úsáid a bhaint as teicnící leictreonacha próiseála sonraí a dhéanfar na malartuithe faisnéise uile ó údaráis chustaim go chéile agus idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis chustaim, agus is tríothu a dhéanfar an fhaisnéis sin a stóráil, mar a cheanglaítear faoin reachtaíocht chustaim.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879 ón gCoimisiún ([2]) bunaítear an clár oibre a bhaineann le forbairt agus cur chun úsáide na gcóras leictreonach dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais ('an clár oibre'). Liostaítear sa chlár oibre na córais leictreonacha atá le forbairt agus na dátaí a mheastar a bheidh na córais sin oibríochtúil. Chomh maith le nithe eile, sonraítear sa chlár oibre sin an tréimhse cur chun feidhme agus cur chun úsáide le haghaidh an nuashonraithe ar chomhpháirt 2, Céim 6 de Chóras Ríomhairithe Idirthurais Nua Chód Custaim an Aontais ('Céim 6 de CRIN') i gcomhréir le hAirteagal 6(1), Airteagal 16 agus Airteagail 226 go 236 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

(3) Le hAirteagal 128 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, ceanglaítear ar Bhallstát chéadiontráil na n-earraí i gcríoch chustaim an Aontais a áirithiú go ndéanfar anailís riosca, chun críoch slándála agus sábháilteachta go príomha, ar bhonn an dearbhaithe iontrála achomair, agus ceanglaítear orthu freisin na bearta is gá a dhéanamh bunaithe ar thorthaí na hanailíse riosca sin.

(4) Le hAirteagal 130 den Rialachán sin, ceadaítear don Bhallstát céadiontrála an dearbhú iontrála achomair a ionadú le dearbhú custaim le haghaidh earraí ar taisceadh an dearbhú sin ina leith roimh dhul in éag na teorann ama chun an dearbhú iontrála achomair a thaisceadh, ar choinníoll go bhfuil ar a laghad na sonraí is gá le haghaidh an dearbhaithe iontrála achomair sa dearbhú custaim. Dá bhrí sin, maidir leis an oibleagáid dearbhú iontrála achomair a thaisceadh, tá Ballstáit chéadiontrála i dteideal a chinneadh ar mian leo an oibleagáid sin a tharscaoileadh i gcás inar taisceadh dearbhú maidir le hidirthuras. Mar sin féin, ní mór do na Ballstáit sin a áirithiú go ndéanfar anailís riosca chuí bunaithe ar an dearbhú sin maidir le hidirthuras.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 130 den Rialachán sin, roghnaigh roinnt Ballstát, lena n-áirítear na Ballstáit sin a ndírítear an cinneadh cur chun feidhme seo chucu, deis a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha dearbhuithe maidir le hidirthuras a chur isteach in éineacht leis an dearbhú iontrála achomair, agus cead a thabhairt sonraí an dearbhaithe iontrála achomair a chomhroinnt ina dhiaidh sin ó Chéim 6 de CRIN le Córas Rialaithe Allmhairí 2 ('CRA2') le haghaidh na bpróiseas iomchuí anailíse riosca agus rialaithe.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2023 lena mbunaítear an Clár Oibre a bhaineann le forbairt agus cur chun feidhme na gcóras leictreonach dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais (IO L 2023/2879, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2879/oj).

(6) Sa chomhthéacs sin, sonraítear in Airteagal 278(3), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 an sprioc-am faoina bhféadfar úsáid a bhaint, ar bhonn idirthréimhseach, as modhanna eile seachas teicnící leictreonacha próiseála sonraí chun na forálacha a bhaineann le hidirthuras earraí ar chríoch chustaim an Aontais a chur chun feidhme.

(7) I gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879, bhí an fhéidearthacht dearbhuithe maidir le hidirthuras a chur isteach in éineacht leis an dearbhú iontrála achomair le bheith réidh faoin 1 Meán Fómhair 2025, mar chuid de chur chun úsáide Chéim 6 de CRIN, lena gcumhdaítear forbairt an chomhéadain le CRA2, chun éascaíocht a dhéanamh do thaisceadh dearbhaithe maidir le hidirthuras ina bhfuil sonraí an dearbhaithe iontrála achomair trí Airteagal 130(1) de Chód Custaim an Aontais a chur i bhfeidhm. Tá cur chun úsáide Chéim 6 de CRIN ailínithe le cur chun úsáide Eisiúint 3 de CRA2 le haghaidh coinsíneachtaí bóthair agus iarnróid, ar cur chun úsáide é ar tháinig deireadh leis an 1 Meán Fómhair 2025. An úsáid a bhaintear as cur isteach an tacair sonraí chomhcheangailte sin, is uirlis éascaithe trádála í atá in úsáid cheana faoi Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 ([3]), arna ionadú le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, agus atá fós in úsáid go forleathan, agus tá coinne dhlisteanach ag trádálaithe leis go mbeidh na Ballstáit a roghnaigh an deis a thabhairt dearbhuithe maidir le hidirthuras a chur isteach in éineacht leis an dearbhú iontrála achomair chun bheith réidh in am chun úsáid a bhaint as cur isteach an tacair sonraí chomhcheangailte sin.

(8) Mar sin féin, tá roinnt cúinsí sonracha, mar aon leis na héifeachtaí leanúnacha a ghabhann leo, tar éis teacht chun solais san Aontas Eorpach. I bhfianaise an chogaidh leanúnaigh san Úcráin agus an ghá atá le feidhmiú rianúil Lánaí Dlúthpháirtíochta na hÚcráine a áirithiú, an ghá atá le CRA2 a chomhtháthú leis na córais teorann cliste agus an líon suntasach oibreoirí eacnamaíocha nach bhfuil réidh sna tríú tíortha teorann, cuireadh iallach ar an mBallstát síneadh a chur leis na tréimhsí nasctha, fiú má tá comhpháirteanna an chórais réidh ar thaobh a riaracháin custaim. Thairis sin, an líon ard oibreoirí a mbíonn deacrachtaí acu clárúchán a fháil chun nascadh leis na córais TF, mar aon le castacht uathúil agus tábhacht uathúil cheanglais Chéim 6 de CRIN, chomh maith le córas CRA2, sa bhreis ar na hacmhainní is gá do na Ballstáit chun an t-idirnasc idir an dá chóras a fhorbairt, agus d'oibreoirí eacnamaíocha nascadh leis, is nithe iad sin atá níos dúshlánaí ná mar a bhí beartaithe ar dtús. Maidir leis na sásraí iompair a ndéanann an leathadh amach sin difear dóibh, lena n-áirítear foirmeacha ilmhódacha, tá sé cruthaithe chomh maith go ndéanann cineál sonrach agus casta na sásraí sin difear níos mó don Bhulgáir, don Chróit, don Laitvia, don Pholainn, don Rómáin agus don tSlóvaic agus d'oibreoirí eacnamaíocha ná mar a dhéanann sé do thíortha agus d'oibreoirí eile. Is Ballstáit iad sin inarb ábhar mór imní iad an tslándáil agus an tsábháilteacht, a mhéid a bhaineann le hiompar earraí i dtrácht ar bhóithre agus ar iarnróid. Dá réir sin, tá gá le réiteach láidir sa Bhulgáir, sa Chróit, sa Laitvia, sa Pholainn, sa Rómáin agus sa tSlóvaic chun deimhneacht dhlíthiúil, leanúnachas gnó agus aistriú rianúil chuig ceanglais leathadh amach Eisiúint 3 de CRA2, céim 3 agus a hidirnascadh le Céim 6 de CRIN a áirithiú.

(9) Cé gur éirigh leis na Ballstáit uile CRA2 a chur chun úsáide in am, mar gheall ar na himthosca sonracha sin cuireadh cosc ar Bhallstáit áirithe an t-idirnasc idir Céim 6 de CRIN agus Eisiúint 3 de CRA2 a fhorbairt go héifeachtach nó a n-oibreoirí eacnamaíocha nó oibreoirí eacnamaíocha na dtríú tíortha atá ar theorainn an Aontais a ionduchtú faoi sprioc-am an 1 Meán Fómhair 2025. Dá bhrí sin, i mí Lúnasa 2025, d'iarr an Bhulgáir, an Chróit, an Laitvia, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic go foirmiúil úsáid a bhaint as modhanna malartaithe agus stórála faisnéise eile seachas teicnící leictreonacha próiseála sonraí i gcomhréir le hAirteagal 6(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart maolú a dheonú don Bhulgáir, don Chróit, don Laitvia, don Pholainn, don Rómáin agus don tSlóvaic, faoi Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, a mhéid a bhaineann le húsáid a bhaint as modhanna malartaithe agus stórála faisnéise eile seachas teicnící leictreonacha próiseála sonraí in ionad Chéim 6 de CRIN, is é sin maolú ar an oibleagáid úsáid a bhaint as teicnící leictreonacha próiseála le haghaidh na malartuithe faisnéise uile ó údaráis chustaim go chéile agus idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis chustaim, agus stóráil na faisnéise sin, arb oibleagáid í a leagtar síos le hAirteagal 6(1) den Rialachán sin.

(11) Mar gheall ar thábhacht Chéim 6 de CRIN agus CRA2 maidir le cur chuige comhtháite AE a bhunú chun an bhainistíocht riosca custaim a atreisiú agus maidir leis an tslándáil agus an tsábháilteacht réamhtheachta, chomh maith leis an tslándáil agus an tsábháilteacht le linn idirthurais, a áirithiú, agus saorshreabhadh na trádála dlisteanaí á éascú an tráth céanna, agus mar gheall ar chineál agus castacht CRIN agus CRA2 araon, ba cheart fad an mhaolaithe a choimeád chomh gearr agus is féidir. I bhfianaise an mhéid sin agus ag féachaint do thionchair na n-imthosca sonracha ba chúis le moilleanna ar idirnascadh leanúnach Chéim 6 de CRIN agus Eisiúint 3 de CRA2 sna Ballstáit a roghnaigh an deis sin a thabhairt, chomh maith le staid reatha na bhforbairtí sin, níor cheart leanúint den mhaolú tráth nach déanaí ná an 31 Bealtaine 2026 agus, dá bhrí sin, ba cheart an maolú dul in éag an dáta sin i gcás oibreoirí bóithre agus iarnróid.

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 lena leagtar síos Cód Custaim an Chomhphobail (Cód Custaim Nuachóirithe) (IO L 145, 4.6.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/450/oj).

(12) Mar sin féin, a mhéid a bhaineann le hearraí i gcoinsíneachtaí poist, ba cheart feidhm a bheith ag an maolú sin go dtí tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2025, ós rud é go bhfuil an dearbhú iontrála achomair le haghaidh earraí i gcoinsíneachtaí poist faoi réir ceanglais shonracha sonraí i gcomhréir le hAirteagal 127 (6) de Chód Custaim an Aontais agus le hAirteagal 113a de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ([4]).

(13) Chun a áirithiú go ndéanfar faireachán agus meastóireacht ar an dul chun cinn i dtaca le cur chun feidhme Chéim 6 de CRIN, ba cheart don Bhulgáir, don Chróit, don Laitvia, don Pholainn, don Rómáin agus don tSlóvaic fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtaca le forbairt an idirnaisc idir Céim 6 de CRIN agus CRA2 agus/nó cumas na n-oibreoirí eacnamaíocha a ndearbhuithe maidir le hidirthuras a chur isteach in éineacht leis na ceanglais nua maidir le dearbhuithe iontrála achomair faoi Eisiúint 3 de CRA2 i ndáil le hearraí a iompraítear de bhóthar agus d'iarnród mar chuid den phróiseas tuairiscithe ar dhul chun cinn a leagtar síos in Airteagal 278a de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Tá cumarsáid agus comhroinnt na faisnéise pleanála náisiúnta mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879 le háirithiú freisin. Tá gá le ceanglais tuairiscithe bhreise freisin, chun a áirithiú gur féidir leis an gCoimisiún Eorpach faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstát, ós rud é nach féidir le córais náisiúnta anailíse riosca an leibhéal céanna anailíse riosca a sholáthar agus a sholáthraítear le córas uile-Eorpach CRA2.

(14) Ós rud é, faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879, gur cheart Céim 6 de CRIN a chur chun úsáide faoin 1 Meán Fómhair 2025, agus gur cheart Eisiúint 3 de CRA2 le haghaidh earraí i gcoinsíneachtaí bóthair agus iarnróid a chur chun úsáide faoin 1 Meán Fómhair freisin, agus chun folús dlí a sheachaint, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ón dáta sin freisin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá feidhm ag an gCinneadh seo maidir leis na hearraí sna coinsíneachtaí seo a leanas:

(a) Coinsíneachtaí bóthair agus iarnróid

(b) Coinsíneachtaí poist.

Airteagal 2

1. Feadfaidh an Bhulgáir, an Chróit, an Laitvia, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic úsáid a bhaint as modhanna malartaithe agus stórála faisnéise eile seachas teicnící leictreonacha próiseála sonraí in ionad chomhpháirt 2, Céim 6 de Chóras Ríomhairithe Idirthurais Nua Chód Custaim an Aontais ('CRIN') dá dtagraítear in Airteagal 273 de Rialachán (AE) Uimh. 2015/2447 agus an chomhpháirt choiteann d'eisiúint 3 de Chóras Rialaithe Allmhairí 2 ('CRA2') Chód Custaim an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 182 den Rialachán sin go dtí an 31 Bealtaine 2026, nó an 31 Nollaig 2025, i gcomhréir le hAirteagal 4 den chinneadh seo.

2. Chun críocha mhír 1, áiritheoidh an Bhulgáir, an Chróit, an Laitvia, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic go bhféadfaidh oibreoirí eacnamaíocha na sonraí sábháilteachta agus slándála a thaisceadh, i gcomhréir le hAirteagal 127(5). de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, le haghaidh earraí a thagann isteach i gcríoch chustaim an Aontais trí na Ballstáit sin, agus úsáid á baint as Córas Rialaithe Allmhairí 1 ('CRA1') nó, i gcás inarb infheidhme agus ag brath ar na socruithe atá i bhfeidhm sa Bhallstát, as CRA1 in éineacht leis an dearbhú maidir le hidirthuras i gCéim 5 de CRIN, i gcomhréir le hAirteagail 127 agus 130 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

3. Déanfaidh oifigí custaim na Bulgáire, na Cróite, na Laitvia, na Polainne, na Rómáine agus na Slóvaice, i gcomhréir le hAirteagal 186(7a) de Rialachán (AE) 2015/2447, torthaí an rialaithe a rinne siad a chur in iúl d'údaráis chustaim eile na mBallstát tríd an gcóras leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 36(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2015/2447.

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais, (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/2446/2025-02-25.

Airteagal 3

Tuairisceoidh an Chróit, an Laitvia, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic ar bhonn míosúil don Choimisiún Eorpach maidir leis an dul chun a bheidh déanta i dtaca le forbairt an idirnaisc dá bhforáiltear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879 ón gCoimisiún.

Airteagal 4

Beidh feidhm ag an gcinneadh seo ón 1 Meán Fómhair 2025 go dtí an 31 Bealtaine 2026 maidir leis na coinsíneachtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(a).

Mar sin féin, a mhéid a bhaineann leis na coinsíneachtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(b), beidh feidhm aige ón 1 Meán Fómhair 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025.

Airteagal 5

Is chuig Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Cróite, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Polainne, an Rómáin agus Poblacht na Slóvaice a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Maroš ŠEFČOVIČ
Comhalta den Choimisiún